



Meán Fómhair 2012

Treoirlínte Fotheideal TG4.

Is iad na fotheidil an doras isteach chuig saibhreas clár TG4 do líon ollmhór daoine, iad sin nach bhfuil tuiscint fhurasta ar Ghaeilge acu agus iad sin a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu. Is tábhachtach an doras sin a bheith oscailte agus tarraingteach.

COMHTHÉACS NA bhFOTHEIDEAL AR AN SCÁILEÁN

Craoltar formhór bhfotheideal ar mhodh 'oscailte' ar an scáileán. Craolann TG4 fotheidil áirithe ar mhodh dúnta ar an gcóras teilistéacs. (Ní foláir a chinntiú le TG4 cé na coinníollacha ar leith a bhaineann le do chlár).

Craoltar na fotheidil i gcló tí TG4 i stíl TG4 - cló bán os cionn scáilbhosca dubh lárnaithe ar an scáileán¹.

Tá dhá aidhm leis na bhfotheideal feidhmiú mar **áis aistriúcháin** agus mar áis do dhaoine atá bodhar nó a bhfuil deacracht éisteachta acu.

Fágann sin go bhfuil difríocht sa stíl a éilíonn TG4 seachas an stíl atá coitianta ar chainéil eile teilifíse in Éirinn.

Amanta, cuirtear fotheidil mar áis do dhaoine atá bodhar chomh maith leis an stíl 'teilistéacs' (dathanna éagsúla do dhaoine éagsúla, cur síos ar fhuaimneanna srl.) atá in úsáid ag craoltóirí eile. (Ba cheart a chinntiú le TG4 cé na coinníollacha ar leith a bhaineann le do chlár).

Sa gcás go bhfuil na fotheidil bhreise do na bodhair ar fáil ar theilistéacs, seachain nach ritheann na fotheidil oscailte agus ar teilistéacs trasna ar a chéile.

¹ Ach amháin i gcásanna eisceachtúla atá luaite thíos (Moltaí Stíle - Alt 13)



EOLAS TEICNIÚIL

Iarrtar ar chomhlachtaí comhad fotheideal de réir chaighdeán an EBU (comhad .sti) a chur ar fáil ar an modh a iarrann TG4 (r-phost, faoi láthair). Is cuid de dhualgais fhoireann inmheánach TG4 an obair a bhaineann leis na fotheidil a chur go haer a chur i gcrích. Ní bhaineann an obair seo leis an soláthraí fotheideal.

I gcásanna faoi leith (réamh-chóipeanna léirmheastóira &rl.), déanfar na fotheidil a 'dhó' isteach ar an gclár. Caithfear comhlachtaí a chuireann an tseirbhís seo ar fáil cloí le stíl tí TG4 - cló bán os cionn scáilbhosca dubh lárnaithe ar an scáileán. (samplaí le feiceáil ar www.tg4.ie/treoir).

MOLTAÍ STÍLE

1. Aistrigh ábhar an chláir **chomh cruinn agus is féidir**.
2. **Tabhair tús áite don leagan Gaeilge** den chlár i gcónaí. Ná tabhair isteach fotheidil ró-luath, sula dtosaíonn daoine ag caint. Níor cheart go mbeadh brí na habairte bainte ag an lucht féachana as na fotheidil Bhéarla, sula bhfuil an bhrí chéanna bainte as an abairt labhartha i nGaeilge.
3. **Soiléirigh** rudaí san aistriúchán más gá - ach ná téigh thar fóir leis.

4. Ciorrú

I gcláracha nuair atá daoine ag caint (m.sh. daoine faoi agallamh i gclár faisnéise) tarlaíonn sé go ndéanann siad abairtí a athrá. Ní gá an athrá a aistriú.

Mar shampla:

“Sílim gur inis seo dom ag an am sin é. Sea, d’inis sé dhom ag an am sin é”

Is leor: *He told me then.*

Ná aistrigh leath-abairtí.

Mar shampla:

“B’fhéidir gur cheart smaoineamh... Sílim gur an rud a bhí a rá aige nó go raibh sé tinn.”

Aistriúchán: *I think he was saying he was ill.*

5. Ainmneacha Daoine.

Má tá ainmneacha daoine i nGaeilge, fághtar i nGaeilge iad san aistriúchán.

Mar shampla:

Seán Ó Dónaill, Máire Ní Fhlátharta, Bríd Uí Ghallchóir &rl.

Más pearsain cháiliúla atá i gceist áfach, ar sa leagan Béarla atá clú orthu de ghnáth, tugtar a n-ainmneacha i mBéarla:

Mar shampla,

Máire Mhic Róibín = *Mary Robinson*.

Sa chás gur sraith drámaí atá i gceist, déan cinnte go bhfuil leanúnachas ann i litriú ainmneacha na gcarachtar.

Mar shampla, *Ros na Rún*: Eimear/Emer
CU Burn: Vincie/Vincey

6. Logainmneacha.

Tá sé tabhachtach go mbeadh logainmeacha éagsúla a luaitear i gcláracha i gceart.

Fág logainmneacha coitianta Gaeltachta i nGaeilge.

Mar shampla:

An Cheathrú Rua, *An Spideál*, *Gaoth Dobhair*, *Aráinn* &rl.

Aistrigh log ainmneacha Galltachta agus eile go Béarla.

7. Amhráin agus Dánta.

Má tá amhráin nó dánta le aistriú, faigh amach an bhfuil siad aisitithe cheana féin agus an bhfuil cead na h-aistriúchán a úsáid. Bí cúramach faoi chóipcheart. I gcás amhráin/dánta nua-chumtha nach bhfuil aistrithe cheana, cuir ceist ar an gcumadóir nó ar an bhfile ar mhaith leo féin aistriúchán a chur ar fáil.

Má chaitheann tú féin aistriúchán a dhéanamh déan iarracht téacs an pháosa a fháil ionas go mbeidh an t-aistriúchán chomh cruinn agus is féidir. Déan é a sheiceáil le duine éigean cáilithe freisin.

8. Teidil Clár/ Grafaicí.

I gcás sraitheanna mar *Fíorsceál*, *Comhrá*, *GAA Beo* ní gá na teidil a aistriú. Aistrigh teidil na gclár i sraith i gcónaí.

Mar shampla:

Sraith = *Cogar* (scáth-theideal, gan aistriú),

Ainm an chlár = *Mé Fhéin 's mo Mhéit* (*Me and My Mate*).

Ná bíodh an t-aistriúchán ag dul thar an teideal féin ar an scaileán.

Má tá an teideal ag bun an scaileán, fan go n-imeoidh sé agus ansin tabhair isteach an t-aistriúchán más féidir. Cur idir uaschamóga é ionas agus go mbeidh sé soléir gur teideal atá i gceist. Muna bhfuil spás ann don teideal, ná bac leis.

Má tá tráchttaireacht ag dul ar aghaidh agus má tá graificí ar an scáileán, nó má tá duine ag caint agus tá a ainm ar an scáileán, ná tabhair isteach an t-aistriúchán go n-imeoidh an graifíc/ainm. Fág bearna chúig fráma tar éis graifíc sula dtabharann tú isteach an t-aistriúchán.

9. Abairtí Scoilte:

Más gá abairt a scoilteadh, déan cinnte go ndéanann tú an briseadh in áit nadúrtha - sé sin idir dhá chlásal.

Na scoilt riamh ainmneacha nó ainmneacha dílse eile.

Má dhéanann tú dhá abairt de, bí cinnte gur féidir leis an dá chlásal seasamh leo féin mar abairt iomlán

San áit go bhfuil abairt an-fhada sa Ghaeilge agus nach féidir an t-aistriúchán a chur isteach i bhfotheideal amháin, tá cúpla rud is féidir a dhéanamh.



Sampla d'abairt i nGaeilge:

Chuaigh sé chuig an tsiopa chomh luath agus a d'fhág sé an teach agus cheannaigh sé nuachtán.

Déan dhá abairt dhe.

He went to the shop as soon as he left the house.

He bought a newspaper.

Muna féidir dhá abairt a dhéanamh de, déan an abairt a roinnt idir dhá fotheideal ag baint úsáid as “continuation dots” le cuir in iúl go bhfuil an abairt ag leanacht ar aghaidh. Tá sé an tábhachtach sa chás seo go roinnfear an abairt san áit is nádúrtha. Is fearr le TG4 gan poncanna leanúnachais a úsáid ró-minic in aon chlár. Má tá ort abairt fhada a roinnt idir dhá fhotheideal coinnigh ord na habairte oiread agus is féidir.

Sampla:

Is sna brúachbhailte timpeall ar Bhaile Átha Cliath agus sna bailte móra eile is mó atá fadhb na ndrugaí le tabhairt faoi deara sna laethanta seo.

Seachain leagain mar seo a leanas mar nach mbeidh ord an t-aistriúchán ag cloí leis an chaint. (Féach pointe 2)

Fotheideal 1: *Nowadays, the drugs problem is most evident...*

Fotheideal 2: *...in the suburbs of Dublin and other big cities.*

Is fearr:

Fotheideal 1: *The suburbs of Dublin and other big cities...*

Fotheideal 2: *...are where the drug problem is most evident nowadays.*

NB: Seachain “continuation dots” an oiread agus is féidir. Nuair a bhaintear úsáid astu, bíonn trí phonc ag deireadh an chéad fotheideal agus dhá phonc ag tús an dara fotheideal i gcónaí.

10. Poncaíocht:

Ná bain úsáid as poncanna ag deireadh abairte i gcás ar bith eile, mar shampla, i ndrámá le cur in iúl nár críochnaíodh an abairt.

But I thought...

Does that mean...

How was I to know...

Sa chás seo, cuir comhartha uailbhreise/comhartha ceiste i ndiaidh na bponcanna, nó críochnaigh an abairt más féidir.

But I thought...!

Does that mean...?

How was I to know?

11. Luas na bhFotheideal:

Tabhair 2-3 soicind do fotheideal le abairt amháin, 4-6 soicind do fotheideal le dhá abairt. Níor cheart go mbeadh fotheideal ar bith níos giorra ná 1 soicind 15 fráma, agus sa chás seo is fotheidil le focal amháin atá céadaithe. Mar shampla, “Hello”, “No”, “Help” &rl ach tabhair dhá shoicind dóibh más féidir.

Go ginearálta: Ná tabhair an fotheideal isteach go dtí go dtosaíonn an duine ag caint, agus ná fág thuas an fotheideal ach an fhad a thógfadh sé é a léamh uair amháin.

Caithfear am a thabhairt do gach fotheideal lena léamh ach caithfear chomh maith meán-luas a leagan síos do shraith fotheideal. Níor cheart go mbeadh dhá cheann tapaidh, ceann mall, dhá cheann tapaidh.

12. Bearnaí:

Cinntigh go bhfuil bearna rialta idir fotheidil atá ag teacht go gearr i ndiaidh a chéile. Is fearr bearna de 5 fráma a bheith idir gach fotheideal. Ná bíodh níos lú na trí fráma agat ag am ar bith.

13. Lonnú ar an Scáileán:

De ghnáth ba cheart go mbeadh na fotheidil uilig grúpáilte i lár an scáileán = ‘centre positioned’.

Eisceachtaí:

(a) Le amhráin nó dánta amanta, déantar na fotheidil a chur ar chlé (= ‘*left positioned and justified*’) le léiriú gur dán nó amhrán atá ann.

(b) Má tá béirt ag caint agus gan am ann le dhá fotheideal a chur ar an scáileán, is féidir an dá líne a chur le chéile mar fotheideal amháin. Cuir comhartha (-) roimh gach abairt agus bíodh an fotheideal left justified.

Sampla:

-*What were you doing?*

-*I was just looking for you.*

14. Athruithe Radhairc:

Tabhair tosaíocht don fhotheideal a bheith slán, iomlán oiread agus is féidir. Má tá abairt roinnte de bharr “cut” amháin, déan abairt iomlán de agus tabhair thar an “cut” é le haghaidh soicind nó 1.5 soicind ar a laghad, nó go dtí deireadh an dara “cut” má tá sé ag teacht go gearr ina dhiaidh sin, nó muna bhfuil éinne eile ag caint. Ní leor é a fhágáil thuas ar feadh 5/10/15 fráma i ndiaidh “cut”.

Sula socraíonn tú abairt a roinnt, déan cinnte nach féidir rud ar bith eile a dhéanamh leis. An féidir dhá abairt a dhéanamh de? An féidir an dá abairt a chur le chéile agus iad a thabhairt thar “cut” ar feadh soicind nó soicind go leith.

15. Cló:

[Arial 27a anamorphic](#) le haghaidh cláracha TG4.

16. Eagarthóireacht:

Uaireanta, bíonn gá le giortú san aistriúchán. Fág amach aon eolas nach bhfuil riachtanach. Bain úsáid as focail níos giorra e.g ‘my parents’ in áit ‘my mother and father’.

17. Eascainí/Caint gharbh:

Is láidre an focal scríofa na an focal labhartha! I gcás eascainí a bheadh ró-ghairsiúil i mBéarla, cuimhnigh ar an mbrí atá leis agus aistrigh go simplí mar a oireann. Más eascaine Bhéarla a úsáidtear, ní gá é a scríobh.

18. Fortheidil:

Ná scríobh aon ní thar fotheideal riamh. Ná scoilt abairt timpeall ar fhortheideal. Is fearr fanacht go dtí go bhfuil an fotheideal imithe sara dtosnófar ag fotheidealú.

19. Giorruithe:

Seachain giorruithe más féidir. Bain úsáid as giorraithe coitianta so-aitheanta. Ná husáid focail ghiorraithe in ionaid focail iomlána i lár abairte.

COMHLACHTAÍ LÉIRIÚCHÁIN

Iarrtar ar chomhlachtaí léiriúcháin eolas ábharach a chur ar fáil mar chúnamh don bhfotheidleoir – scrípteanna clár, ainmneacha daoine & logainmneacha.

Tá sé tabhachtach go ndéanfadh léiritheoir an chláir athbhreithniú ar na fotheidil chríochnaithe le deimhniú go bhfuil na fotheidil ag teacht le tuiscint an chláir. Iarrtar ar chomhlachtaí léirithe a bheith aireach faoin áit ina gcuireann siad grafaicí ar scáileán, agus a sheachaint nach mbeadh graifí in áit a bheadh ag teacht salach ar na fotheidil.